

Raon an iniúchta airgeadais i gcomhlachtaí Stáit, beag beann ar fhreagrachtaí agus ar nithe eile

1. Tá ceapadh an AC&C mar iniúcháir ráiteas airgeadais comhlacht Stáit agus na freagrachtaí a bhaineann le ráitis airgeadais iniúchta a thíolacadh don Oireachtas sonraithe sa reachtaíocht.¹ Tá freagrachtaí as raon agus foirm an tuairiscithe iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais bunaithe ar chaighdeáin iniúchta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le reáchtáil an iniúchta agus ó chleachtas.
2. Sonraítear sa doiciméad seo freagrachtaí faoi seach Chomhaltaí an Bhoird agus Phríomhfheidhmeannaigh² Comhlachtaí Stáit agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (AC&C) maidir le hullmhú agus iniúchadh ráiteas airgeadais comhlachtaí Stáit. Tá na freagrachtaí a bhaineann leis na cuntais agus iniúchadh ranna agus oifig rialtais sonraithe sna Cuntais Leithreasa bliantúla.
3. Sonraítear sa doiciméad seo freagrachtaí
 - an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
 - an Chomhlachta Stáit
 - i ndáil le calaois a chosc agus a bhrathChomh maith leis sin, sonraítear sa doiciméad seo na nósanna imeachta a bhaineann le nithe a bhaineann le hiniúchadh a chur in iúl.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

4. Cuirtear an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) atá eisithe ag an mBord Idirnáisiúnta Iniúcháireachta agus Dearbhaithe agus arna bhfógairt le haghaidh iniúcháirí náisiúnta ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta³. Is ionann na caighdeáin seo agus dea-chleachtas iniúcháireachta agus tá sé mar aidhm leo tacú le hionannas cleachtais ar fud an domhain, agus ar an tslí sin, muinín an phobail as an bpróiseas iniúcháireachta a fheabhsú.
5. Tá nósanna imeachta iniúchta deartha go príomha chun tuairim a sholáthar maidir le cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na ráitis airgeadais léargas fíor agus cruinn ar (nó cur i láthair cothrom) ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana agus ar an ioncam agus caiteachas tuairiscithe don bhliain dár críoch.

¹ Go hiondúil foráiltear don cheapachán faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó faoin reacht sonrach lena mbunaítear an comhlacht.

² I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i gcomhthéacs na socruithe rialachais i gcomparáid lena bhfuil sonraithe thíos. D'fhéadfadh, mar shampla, go mbeadh 'duine cuntasach' ag comhlachtaí áirithe, de réir an dlí, a bhfuil freagracht aonair air/uirthi as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as rialachas laistigh den chomhlacht.

³ Is eagraíocht neamhrialtasach í INTOSAI ag a bhfuil stádas comhairleach speisialta le Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (ECOSOC) na Náisiún Aontaithe agus atá ag feidhmiú mar bhrateagraíocht do phobal iniúcháireachta seachtrach rialtais.

6. Chomh maith leis sin, soláthraítear tuairim sa tuarascáil iniúchóireachta maidir le taifid chuntasaíochta an eintitis agus foráiltear le haghaidh tuairisciú ar bhonn eisceachta i ndáil le roinnt nithe lena n-áirítear

- rialtacht
- faisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais
- an ráiteas maidir le rialú inmheánach
- aon ní eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáiltear gnó poiblí.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na réimsí seo sonraithe thíos.

Taifid chuntasaíochta

7. Tá tuairim le fáil sa tuarascáil iniúchóireachta maidir le
- cibé acu an raibh nó nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú
 - cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ráitis airgeadais ag comhaontú leis na taifid chuntasaíochta
 - cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheastar a bheith riachtanach chun críche an iniúchta seo faighte.
8. Tríd an iniúchadh faightear tuiscint ar na córais chuntasaíochta agus rialaithe inmheánaigh ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht mar bhonn chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil taifid chuntasaíochta cuí á gcothabháil. Déantar iarracht tríd an iniúchadh fianaise oiriúnach a aimsiú ionas gur féidir tátail réasúnacha a bhunú uirthi.
9. Beidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i nádúr agus fairsinge na nósanna imeachta iniúchóireachta ag brath ar an measúnú a dhéantar ar an gcóras cuntasaíochta agus, sa chás gur mian leis an iniúchadh brath ar, an córas rialaithe inmheánaigh, agus d'fhéadfaí aon ghné de na hoibríochtaí a mheastar atá oiriúnach a chlúdach. Níl an t-iniúchadh deartha chun gach laige shuntasach i gcórais an chomhlachta a shainaithint ach, má thugtar a leithéid de laigí faoi deara i rith an iniúchta, tuairisceofar iad ar bhealach cuí.

Rialtacht

10. Chomh maith leis sin, tá an t-iniúchadh deartha chun dearbhú a sholáthar maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an caiteachas agus an t-ioncam curtha i bhfeidhm le haghaidh na gcríoch beartaithe ag an Oireachtas agus an bhfuil na hidirbhearta á ndéanamh de réir na n-údarás atá á rialú ('rialtacht'). Is é an cur chuige atá luaite leis an iniúchadh rialtachta a chur i gcrích teacht ar dhóthain tuisceana ar an gcreat faoina bhfeidhmíonn an comhlacht agus comhlíontacht a thástáil. Tuairiscítear san iniúchadh maidir le 'rialtacht' ar bhonn eisceachta, is é sin, in imthosca ina bhfuil méid ábhartha idirbheart nach bhfuil an creat rialtachta á gcomhlíonadh acu.

Freagracht as faisnéis eile a thfolactar leis na ráitis airgeadais

11. Déantar an fhaisnéis atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Ráiteas Rialachais (más ann dó) a athbhreithniú i rith an iniúchta. Ní dhéantar an fhaisnéis seo a athbhreithniú ach bunaithe ar an mbealach a dheimhnítear san iniúchadh go bhfuil an fhaisnéis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus ar an tuiscint a fuarthas ar an ngnó mar chuid den phróiseas iniúchóireachta.

12. Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an leis an eolas a bailíodh i rith an iniúchta, tarraingeofar aird ar an méid sin sa tuarascáil iniúchta.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

13. Déanann an fhoireann iniúchta an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a ullmhaíonn an comhlacht a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá acu bunaithe ar an obair iniúchta atá curtha i gcrích acu ar na ráitis airgeadais.
14. Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a aimsíodh i rith an iniúchta, tarraingeofar aird ar an méid sin sa tuarascáil iniúchta.

Nithe eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáiltear gnó poiblí

15. Tugtar aird i rith an iniúchta ar 'choincheap an chuibhis'. Baineann cuibheas leis an mbealach a reáchtáiltear gnó poiblí lena n-áirítear aon choinbhinsiúin atá comhaontaithe le Dáil Éireann (agus go háirithe PAC⁴), agus aon treoir atá eisithe maidir le rialachas agus eitic. Baineann rialtacht le comhlíontacht le húdaráis chuí, ach tá níos mó ná seo i gceist le cuibheas agus cuirtear caighdeáin iompair, iompraíocht agus rialachas corparáideach san áireamh. Baineann sé le cothroime agus sláine lena n-áirítear brabús pearsanta ó ghnó poiblí a sheachaint, comórtas oscailte i ndáil le conarthaí a bhronnadh agus dramhaíl agus caifeachas a sheachaint.
16. D'fhéadfaí aird a tharraingt sa tuarascáil iniúchta ar nithe suntasacha a bhaineann le reáchtáil gnó poiblí lena n-áirítear aon laigí suntasacha a bhaineann le rialuithe nó caiteachas neamhéifeachtach.

Freagrachtaí an Chomhlachta Stáit

17. Tá na Comhaltaí Boird agus an Príomhfheidhmeannach freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na reachtaíochta ábhartha, a thugann léargas 'fíor agus cothrom' ar staid ghnóthaí an chomhlachta Stáit agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe.
18. Tá siad freagrach as taifid chuntasaíochta cuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn ag am ar bith, staid airgeadais an chomhlachta agus a chuireann ar chumas an chomhlachta a chinntiú go bhfuil ráitis airgeadais á n-ullmhú ar mhaithe le ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.
19. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
20. Nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
- ba cheart polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
 - ba cheart breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
 - ba cheart a shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais; agus

- ba cheart a shonrú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an t-eintiteas i mbun gnó.

Go hiondúil, sonraítear na freagrachtaí seo i Ráiteas Freagrachtaí a bhíonn i dteannta leis na ráitis airgeadais bhliantúla.

⁴ An Coiste um Chuntais Phoiblí bunaithe faoi bhuanorduithe Dháil Éireann

21. Chomh maith leis sin, ní mór do chomhlachtaí a chinntiú go bhfuil idirbhearta rialta i.e.
- tá méideanna caite curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht le haghaidh na gcríoch beartaithe
 - tá idirbhearta taifeadta sna ráitis airgeadais ag teacht leis an údarás a mhaítear ar cuireadh i gcrích iad.
22. Go hiondúil sonraítear sa reachtaíocht an fhreagracht atá ar an Aire Rialtais ábhartha na ráitis airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid an Oireachtais. Tá an comhlacht freagrach as na ráitis airgeadais a chur ar fáil don Aire gan mhoill nuair a bhíonn an t-iniúchadh curtha i gcrích.

Taifid Thacaíochta

23. Chomh maith leis sin, tá comhlachtaí freagrach as gach taifead cuntasaíochta agus gach taifead ábhartha eile agus faisnéis ghaolmhar, lena n-áirítear miontuairiscí gach cruinniú bainistíochta, a chur ar fáil don AC&C, nuair agus de réir mar is gá.
24. Ba cheart gach idirbheart mórleabhair ghinearálta a phróiseáil chun comharduithe trialach a chur ar fáil chun críche iniúchta leis na ráitis airgeadais. Ba cheart aon leasuithe ar na comharduithe trialach a dhéanamh i ndiaidh na gcuntas a dhúnadh agus ba cheart iad a phlé leis an bhfoireann iniúchta agus ba cheart leabhar cúnta ceadaithe a úsáid chun tacú leo mar aon le haon doiciméid bhunúsacha eile. D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh coigeartuithe riachtanach bunaithe ar thorthaí an iniúchta.

Calaois

25. Is ar an bhfoireann bhainistíochta atá an phríomhfhreagracht as calaois a bhrath. Is é an ról atá ag an bhfoireann i ndáil le calaois a bhrath cur lena ról i ndáil le gníomhaíocht chalaoiseach a chosc. Bunaíonn an fhoireann bhainistíochta córas fóna rialaithe inmheánaigh chun tacú le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a chomhlíonadh agus na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a bhainistiú; áirítear anseo an riosca calaoise.
26. Tá sé mar aidhm leis an iniúchadh dearbhú réasúnach a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais (ina n-iomláine) saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis lena leithéid. Níl an t-iniúchadh freagrach as calaois nó éilliú a chosc, cé go bhféadfadh sé feidhmiú ar bhealach chun a leithéid a stopadh.
27. *ISA 240*: ceanglaíonn freagrachtaí an Iniúcháir maidir le calaois i rith iniúchta ar ráitis airgeadais go ndéanann an t-iniúcháir fiosrúcháin orthu siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le freagracht maoirseachta as
- measúnú na foirne bainistíochta ar an riosca go bhféadfaí na ráitis airgeadais a mhíshonrú go hábhartha mar gheall ar chalaois, lena n-áirítear cineál, méid agus minicíocht measúnuithe den chineál sin;
 - próiseas na foirne bainistíochta chun rioscaí calaoise a shainaithint agus freagairt dóibh, lena n-áirítear aon rioscaí sonracha calaoise atá sainaitheanta ag an bhfoireann bhainistíochta nó a bhfuil aird na foirne bainistíochta tarraingthe orthu;
 - modh na foirne bainistíochta chun cumarsáid a dhéanamh leis an gCoiste Iniúchta (agus daoine eile atá freagrach as rialachas) maidir leis na próisis atá bunaithe aici chun rioscaí calaoise a shainaithint agus freagairt dóibh; agus
 - modh cumarsáide idir an fhoireann bhainistíochta, más ann dá leithéid, agus a fostaithe, chun tuairimí maidir le cleachtais ghnó agus iompar eiticiúil a roinnt.

28. Chomh maith leis sin, i rith an iniúchta, déantar fiosrúchán maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon eolas ag an bhfoireann bhainistíochta maidir le haon chalaois iarbhír, amhrasta nó líomhanta.

Eolas faoi chúrsaí iniúchta a roinnt

29. *ISA 260: Soláthraíonn Cumarsáid le daoine atá freagrach as rialachas* treoir maidir le cúrsaí cumarsáide i rith thimthriall an iniúchta. Cuimsítear prionsabail an ISA seo i gcur chuige iniúchta AC&C agus áirítear iontu doiciméad straitéise iniúchta a chur ar fáil, mar aon le cruinnithe oibre iar-iniúchta chun torthaí a roinnt, agus litir a sholáthar nuair a chuirtear an t-iniúchadh i gcrích ina sonraítear breathnóireachtaí agus moltaí maidir le haon nithe suntasacha (más ann dóibh) atá tagtha chun cinn i rith an iniúchta.
30. Ina theannta sin, tá an méid seo a leanas sonraithe in ISA, 'tarraingeoidh an t-iniúcháir aird na ndaoine atá freagrach as rialachas ar aon deacrachtaí suntasacha, más ann dá leithéid, a thugtar faoi deara i rith an iniúchta'. D'áireofaí i measc na ndeacrachtaí suntasacha moilleanna ar fhaisnéis riachtanach a sholáthar, do-úsáideacht faisnéis a bhfuiltear ag súil léi agus srianta curtha i bhfeidhm ag an bhfoireann bhainistíochta ar an iniúcháir. Má thagann aon deacrachtaí suntasacha chun solais i rith an iniúchta, tuairisceofar iad dóibh siúd atá freagrach as rialachas, mar aon leis na céimeanna atá curtha i gcrích chun iad a réiteach.
31. *ISA 265: Ciallaíonn Eolas maidir le heasnamh sa rialú inmheánach a thuairisciú dóibh siúd atá freagrach as rialachas* go bhfuil freagracht ar an iniúcháir eolas a roinnt go cuí leo siúd atá freagrach as easnamh rialachais agus bhainistíochta sa rialú inmheánach atá sainaitheanta ag an iniúcháir in iniúchadh a rinneadh ar na ráitis airgeadais. Tuairisceofar easnamh shuntasacha (más ann dóibh) i scríbhinn dóibh siúd atá freagrach as rialachas.